



# TCD agus an Ghaeilge 2013-2014

TCD and the Irish Language 2013-2014

## Fáilte an Phropoist

A chairde,

Táimid thar a bheith bródúil anseo i gColáiste na Tríonóide as an traidisiún seánbhunaithe atá againn maidir leis an nGaeilge. Is iomaí Gaeilgeoir cáiliúil a raibh baint acu le Coláiste na Tríonóide. William Bedell, mar shampla, a rinne an chéad aistriúchán ar an Sean-Tiomna go Gaeilge, Dubhghlas de híde, bunaitheoir Chonradh na Gaeilge agus Máirtín Ó Cadhain, a bhí ina Ollamh i Scoil na Gaeilge.

Cuid thábhachtach de shaol an Choláiste is ea an Ghaeilge a chur chun cinn agus ba mhór an pléisiúr domsa Seomra na Gaeilge, seomra ar leith comhrá, a oscailt go hoifigiúil ag túis na bliana acadúla seo caite. Tá ag éirí go han-mhaith leis an áis seo, agus is iomaí mac léinn agus ball foirne atá ag baint leasa as le bliain anuas. Láthair den scoth é d'imeachtaí cultúir agus sóisialta i nGaeilge freisin.

Tugadh aitheantas do bheocht na teanga i saol mhic léinn Choláiste na Tríonóide don dara bliain as a chéile nuair a bhronn an tAire Stáit don Ghaeltacht duais Ghlór na nGael ar an gCumann Gaelach, duais don chumann mac léinn Gaeilge is fearr.

Éirinn go maith i gcónaí leis na scéimeanna cónaithe Gaeilge agus gné nua a bhaineann leo anois ná gur ionann na rannpháirtithe is ambasadóirí cultúir i measc mhic léinn idirnáisiúnta.

Seoladh seirbhísí dátheangacha do chustaiméirí sa Leabharlann agus dá bharr tá an teanga níos feiceáilí i saol laethúil an choláiste. Déanfar forbairt ar a thuilleadh seirbhísí dátheangacha sna blianta amach romhainn nuair a sheolfar an dara Scéim Teanga (2013 to 2016) go luath.

Cinntíonn ról lárnach Oifig na Gaeilge go mbíonn tacaíocht ar fáil don iliomad gníomhaíochtaí sóisialta, oideachais agus cultúir a bhíonn ar siúl i rith na bliana, agus molaim duit leas a bhaint as oiread acu agus is féidir sa bhliain amach romhat.

Le gach dea-ghuí.  
Patrick Prendergast, Propast

## Welcome from the Provost

A chairde,

We are extremely proud here in Trinity College of our long tradition of service to the Irish language. Notable contributors to the language with Trinity links have included William Bedell, who was responsible for the first translation of the old Testament into Irish, Douglas Hyde, founder of the Gaelic League and Máirtín Ó Cadhain who was Professor in the School of Irish.

The promotion of the Irish language is an important part of College life, and it was my great pleasure as Provost to officially open Seomra na Gaeilge, a dedicated conversation room, at the beginning of the previous academic year. This facility has been a tremendous success, and has been availed of by many students and staff throughout the course of the past year, as well as providing a venue for a number of cultural and social events in Irish.

The vibrancy of the language in Trinity's student life was recognised for the second year in a row in April 2013 with the conferring by the Minister of State for the Gaeltacht of the Glór na nGael award for best Irish language student society on our Cumann Gaelach.

Our Irish language residency schemes have enjoyed continued success, and a very welcome development is their carving out of a cultural ambassadorship role with international students. The launch of bilingual customer services in the Library has added to the visibility of Irish in day-to-day college life, and the launch of our second Irish Language Scheme (2013 to 2016) in the near future will see the development of further bilingual services in the years ahead.

The central role of the Irish Language Office ensures that support is available for many cultural, educational and social activities throughout the year, and I encourage you to avail of as many of these as you can in the year ahead.

Le gach dea-ghuí.  
Patrick Prendergast, Provost



## Coiste na Gaeilge

## College's Irish Language Committee

Is Coiste de chuid Bhord an Choláiste é Coiste na Gaeilge, atá ann ar mhaithleis an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste i gcomhar le hOifigeach na Gaeilge. Tá an tUasal Liam Dowling ina Chathaoirleach air. Seo a leanas liosta na mball eile i mbliana: Aonghus Dwane; John Coman; An Dr Eoin O'Dell; Clíona Ní Shúilleabhadhán; An Dr Colm Ó Dunlaing; An Dr Carmel O'Sullivan; An tOllamh Joseph Barry; An Dr Eoin Mac Cárthaigh; Micheál Pio Hyne, Niamh Ní Chróinín; Eoin Ó Súilleabhadhán.

Coiste na Gaeilge is Trinity College's Irish Language Committee. The Coiste is a sub-committee of Board, and its Cathaoirleach (Chairman) is Liam Dowling. The Coiste oversees the role of the Irish Language Officer (see below). The Coiste's membership represents staff and students from a range of areas across College.



## Oifig na Gaeilge, TCD

## The Irish Language Office, TCD

Fáilte romhaibh chuig bróisiúr Gaeilge TCD na bliana 2013-2014. Tá eolas le fáil anseo faoi shaol na Gaeilge sa Choláiste: an Cumann Gaelach, Oifigeach Gaeilge an Aontais, ranganna Gaeilge, imeachtai do bhaill foirne agus eile. Tá eolas anseo freisin maidir leis na seirbhísí atá ar fáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cúrsaí aistriúcháin. Tá súil agam go mbeidh tú linn i saol bríomhar Gaelach TCD. Má tá eolas nō cabhair ar bith uait am ar bith, cuir scairt orm ag 896 3652 nó seol ríomhphost chuig gaeloifig@tcd.ie

Welcome to our Irish Language brochure 2013-2014. Inside you will find information on the many and varied aspects of Irish language life on campus, including Irish classes and other events. Please do not hesitate to contact me if you require any assistance during the year, by emailing me at gaeloifig@tcd.ie or by telephoning me at 01 8963652.

**Aonghus Dwane,**  
**Oifigeach Gaeilge/Irish Language Officer,**  
**TCD**

## Roinn na Gaeilge, TCD

**Caoimhe ní Bhraonáin, Secretary of Trinity College's Department of Irish ([www.tcd.ie/irish](http://www.tcd.ie/irish)) outlines the work of the Department and the courses offered there.**

Roinn bheag ach láidir atá i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, agus stair láidir taobh thiar di - bunaíodh Cathaoir na Gaeilge in 1840. Tá an fhoireann beag, agus cuireann na mic léinn agus an fhoireann aithne mhaith ar a chéile i gcaitheamh a dtréimhse sa Choláiste.

Is féidir gabháil don Luath- nó don Nua-Ghaeilge mar chuid de chúrsa modhnóireachta dhá ábhar, nó is féidir céim aonónóra a dhéanamh leis an Luath- agus an Nua-Ghaeilge le chéile. Tá cúrsaí trasdisciplíneacha ar fáil chomh maith. Mar bhreis ar na cúrsaí thuas, is féidir tabhairt faoi chúrsa san Eolaíocht, Ríomhaireacht agus an Ghaeilge, nó sa Léann

Éireannach – cúrsa a dhíríonn don chuid is mó ar an nGaeilge, an Stair agus ar an mBéarla, ach ina ndéantar staidéar ar chultúr, ar thíreolaíocht agus ar socheolaíocht na hÉireann ar bhonn níos leithne. Agus ar ndóigh is féidir gabháil d'iarchéimeanna taighde freisin sa Roinn.

Cuirtear dhá chúrsa ar fáil do mhic léinn eachtrannacha a thagann go Coláiste na Tríonóide – ceann ina ndéantar staidéar ar litríocht agus ar theanga na tíre ar bhonn acadúil, agus cúrsa neamhfhoirméalta dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge bhunúsach a fhoghlaim agus iad sa tir. Cúrsa oíche is ea é seo, agus bíonn fáilte roimh bhaill foirne eachtrannacha ar an gcúrsa

seo freisin. Beidh níos mó ná 'cúpla focal' acu roimh dheireadh na bliana, agus bíonn craic sa rang chomh maith.

Idir na cúrsaí seo ar fad, tá thart ar 200 mac léinn sa Roinn - dóthain le spraoi a bheith ag baist le saol an mhic léinn, ach líon sách beag le go mbíonn aithne phearsanta ag na mic léinn agus an fhoireann ar a chéile, agus bíonn an-tacaíocht ann do na mic léinn. An tOllamh Damian MacManus atá ina Cheann Roinne.

Cuir tuilleadh aithne orainn féin, ar ár gcuid cúrsaí agus ar á gcuid foilseachán ag [www.tcd.ie/irish/](http://www.tcd.ie/irish/).

**Caoimhe ní Bhraonáin**



Tá gach eolas ar fail faoi sheirbhísí Gaeilge an Choláiste ag [www.tcd.ie/gaeloifig/gaeilge.php](http://www.tcd.ie/gaeloifig/gaeilge.php)

### Seirbhísí Custaiméara

- **Na príomh-Dheasca lasacha i Leabharlanna**  
Berkley agus Hamilton- Gnó trí Ghaeilge ar fáil idir 9r.n. agus 3.30i.n
- **Oifig an Phrospaist** - teagmháil: Orlagh Ennis (teil 01 896 1558)
- **Oifig an Rúnaí** - Teagmháil Aonghus Dwane (teil 01 896 3652)
- **An Oifig Fhiosrúchán** - tá an fhoireann anseo in ann beannú duit i nGaeilge, agus sonraí fiosrúchán a ghlacadh uait. Tiocfaidh duine ó Oifig an Rúnaí air ais chugat maidir le d'fhiosrúchán.



### Foilseacháin

- **Treoir do Sheirbhísí trí Ghaeilge** (ar fail ón Oifig Fhiosrúchán/Oifig na Gaeilge)
- **Treoir Leabharlainne** (ar fáil sa Leabharlann/ó Oifig na Gaeilge)
- **Treoir Sheirbhísí Mac Léinn** (ar fail ó Oifig na Gaeilge)
- **Tuathal** (irisleabhar an Chumainn Ghaelaigh: altanna, léirmheasanna, filíocht). Ar fáil ón gCumann agus i Seomra na Gaeilge ([foilseachan@cumann.ie](mailto:foilseachan@cumann.ie))

## Éigse na Tríonóide agus imeachtaí Gaeilge

## Éigse festival and Irish events

Buaicphointe na bliana ná Éigse na Tríonóide - féile Ghaeilge an Choláiste - a bheidh ar siúl ón 27 Eanáir go dtí an 1 Feabhra 2014. Eolas: [www.cumann.ie](http://www.cumann.ie) agus [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)

Féach/see <http://www.tcd.ie/gaeloifig/acht-na-dteangacha-oifigiula/sceim/>

## @gaeilge



@GaeloifigTCD  
@AnCumannGaelach



[www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)  
[www.cumann.ie](http://www.cumann.ie)



[www.facebook.com/GaeloifigTCD](http://www.facebook.com/GaeloifigTCD)  
[www.facebook.com/CumannGaelachTCD](http://www.facebook.com/CumannGaelachTCD)



**Teicneolaíocht:**  
Eolas ar phacáistí Gaeilge  
(litreoirí, uirlisí profála) ar fáil ag  
<http://isservices.tcd.ie/software/irish-language-software.php>

## Seomra na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide

## Irish Language Room, TCD


- Seomra na Gaeilge - seomra caidrimh do chainteoirí Gaeilge. Eolas: <http://www.tcd.ie/gaeloifig/seomra-gaeilge/>
- Nuachtán, leabhair, foileacháin, cluichí boird i nGaeilge ar fáil sa seomra
- Ar oscailt i rith an téarma acadúil, Luan go hAoine, idir 9.00am agus 4.30pm
- Imeachtaí eile á reáchtáil
- Téann tú isteach trí dhoras taobh thiar den Bhutrach, i mbÁ na Luibheolaíochta, agus suas ansin go barr an staighre.

Gach eolas ar [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)



## Na Scéimeanna Cónaithe Gaeilge

## The Irish Language Student Residency Schemes



Maor tí Theach na  
Gaeilge, Connor  
Tiarnan O'Donoghue

- Dhá scéim chónaithe Gaeilge do mhic léinn
- Árasáin ar an gCearnóg Thosaigh do mhic léinn 2ú-4ú bhliain
- Árasáin i Halla na Tríonóide i nDartraí i mbBaile Átha Cliath 6 do mhic léinn na chéad bhliana agus an dara bliain
- Dhá mhion-Ghaeltacht cathrach
- An Ghaeilge á labhairt mar ghnáth-theanga laethúil.

Beidh iarratais á nglacadh le haghaidh scéimeanna 2014-2015 go luath i ndiaidh na Nollag ar

## Aontas na Mac Léinn

## The Students' Union



### *A word from the Irish Language Officer of the Students' Union, Eoin Ó Súilleabhaín*

Dia dhaoirbh! Eoin Ó Súilleabhaín, Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn anseo! I rith na bliana, beidh mé ag obair mar nasc idir Aontas na Mac Léinn, An Cumann Gaelach agus Oifig na Gaeilge TCD chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa choláiste. Beidh seo á dhéanamh trí imeachtaí a chur ar siúl trí Ghaeilge do mhuintir an choláiste. Chomh maith, beidh mé ag plé athruithe polasaí le coistí éagsúla don bhliain acadúil 2013/2014. Tá súil agam casadh libh i rith na bliana, bain sult as!

Eoin MacCárthaigh,  
Cathal Ó Háinle,  
Máire Ní Annracháin  
agus Jürgen  
Uhlich ag seoladh  
Féilscríbhinn do  
Chathal Ó Háinle,  
Samhain 2012





## An Cumann Gaelach



Dia daoibh! Is mise Niamh Ní Chrónín agus tá mé mar Reachtaíre ar an gCumann Gaelach i mbliana. Fearaim míle fáilte romhaibh go Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide.

Tugann an Cumann Gaelach deis dá bhaill úsáid rialta a bhaint as a gcuid Gaeilge trí fhreastail ar imeachtaí spraoiúla, taitneamhacha atá go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Le linn Sheachtain na dTosaitheoirí, beidh Heathers ar an ardán ag Gig Mhór na seachtaine, beidh Lá na Gaeilge ar siúl againn i rith Seachtain a 4 agus ag tús Mhí na Samhna, beidh baill an chumainn ag dul go hOireachtas na Gaeilge i gCill Áirne.

Roimh an Nollaig, beidh Turas Rúnda eagraithe, maraon le Cósír na Nollag. Beidh Féile Gaeilge Choláiste na Tríonóide, Éigse na Tríonóide, á céiliúradh againn ag deireadh Mhí Eanáir agus beidh Bál Gaelach á eagrú againn le linn an téarma céanna.

Maraon leis na príomhimeachtaí seo, bígí ag faire amach d'imeachtaí agus d'ócáidí eile na bliana agus d'imeachtaí seachtainiúla an téarma seo.

Beidh ciorcal comhrá ar siúl againn gach Máirt i Seomra na Gaeilge @ 19.30 agus tá fáilte roimh duine ar bith le cúpla focal agus dár ndóigh roimh gach éinne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.

Molaim daoibh páirt a ghlaicadh sa Chumann Gaelach i mbliana agus freastail ar na himeachtaí a bheidh ar siúl againn. Tabharfaidh sé deis daoibh cleachtadh a dhéanamh agus feabhas a chur ar bhúr gcuid Gaeilge agus aithne a chur ar dhaoine eile le grá don Ghaeilge agus le dul í sa teanga. Tá mé féin ag súil go mór le haithne a chur oraibh le linn Sheachtain na dTosaitheoirí agus ag imeachtaí na bliana agus tá mé ag súil sibh a fheiceáil i Seomra na Gaeilge le haghaidh cupán tae agus cúpla briosc!

Niamh Ní Chrónín,  
reachtaíre (auditor) of  
An Cumann Gaelach,  
writes about the many  
events organized by the  
Cumann Gaelach, one  
of the biggest student  
societies on campus.  
See [www.cumann.ie](http://www.cumann.ie)

### Seirbhís Aistriúcháin

Seol iarratas ar aistriúchán chuig [gaeloifig@tcd.ie](mailto:gaeloifig@tcd.ie)  
(baill forne TCD amháin)

### Translation Service

Send all translation requests to [gaeloifig@tcd.ie](mailto:gaeloifig@tcd.ie)  
(TCD staff only)

## An Chéadaoin @ An Bhutrach

Comhrá agus craic as Gaeilge gach Céadaoin sa Bhutrach, 10.30-11.30am.

Fáilte mhór roimh pobal na Gaeilge - bígí linn!

## Wednesday @ The Buttery

Come to the Buttery café, TCD, for craic and chat as Gaeilge, Wednesdays 10.30-11.30am.

All welcome: especially the wider Irish language community.



## Ranganna Gaeilge - Mic Léinn & Baill Foirne

- Ranganna saor in aisce
- 8 - 9 week course
- Rogha leibhéal:  
Tosaitheoirí A1 nó A2,  
Meánrang B1 nó B2
- Béim ar labhairt na  
Gaeilge
- Seolfar eolas chuig gach  
mac léinn agus gach ball  
foirne maidir le clárú agus  
amanna
- Dhá chúrsa: Téarma 1  
agus Téarma 2
- Eolas: [www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna](http://www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna)

## Irish Classes- Staff And Students



- Classes free of charge
- Cúrsa 8 seachtaine
- Various levels- beginner, intermediate and conversation
- Emphasis on spoken Irish
- All staff and students will be emailed with information on registration and class times
- Two courses: Term 1 and Term 2
- Information: [www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna](http://www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna)

Baill foirne TCD ar a gcuairt ar Áras an Uachtaráin, Iúil 2013



COLÁISTE NA TRÍONÓIDE  
BAILE ÁTHA CLIATH  
TRINITY COLLEGE DUBLIN

OLSCOIL  
ÁTHA  
CLIATH

T:@ 01 896 3652  
[gaeloifig@tcd.ie](mailto:gaeloifig@tcd.ie)  
[www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)